
Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

# Lá Rannpháirtíochta Poiblí Uimh. 1 Meitheamh 2021 Tuarascáil

Dáta: Samhain 2021 | Uimhir an jab: 279365-00



Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works

Comhairle Cathrach na Gaillimhe Galway City Council

ARUP

Comhairle Cathrach na Gaillimhe

# Coirib go Cósta

## Lá Rannpháirtíochta Poiblí Uimh. 1 - Meitheamh 2021

279365-ARUP-1-XX-RP-PE-000002

eisiúint | 1 December 2021

This report takes into account the particular instructions and requirements of our client.

It is not intended for and should not be relied upon by any third party and no responsibility is undertaken to any third party.

Job number 279365-00

**Ove Arup & Partners Ireland Ltd**

**Arup**
50 Ringsend Road
Dublin 4
D04 T6X0
Ireland
www.arup.com

ARUP

# ClárÁbhar

Page

**1 Brollach 1**

1.1 Aidhmeanna agus Cuir Chuige an Lae Rannpháirtíochta Phoiblí 1

**2 Socruithe Rannpháirteachais Poiblí 3**

2.1 Cur i láthair do Chomhaltaí Tofa 3

2.2 Cur i láthair don Choiste um Bheartas Straitéiseachi gComhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le hathrú aeráide, Comhshaol, Fóillíocht agus Áiseanna 4

2.3 Socruithe Rannpháirtíochta Poiblí 6

2.4 Ábhair um Theagmháil leis an bPobal 8

2.5 Anailís i ndiaidh an Lá Teagmhala Poiblí 11

2.6 Freagairt ar an Teagmháil Poiblí 12

2.7 Anailís na Freagartha ar an Teagmháil Poiblí 15

**3 Tuairimí Deiridh agus Moltaí 20**

## Táblaí

## Aguisíní

**Aguisín A**

Achoimre na léirithe agus na cruinnithe

**Aguisín B**

Abhair a cuireadharfáil le haghaidh anLTP

**Aguisín C**

Litirshamplach chuig na príomhgheallsealbhóirí

# 1 Brollach

Tá Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte i nDobharcheantar an Iarthair déanta ag OOP d'Abhantrach Abhainn na Gaillimhe. Beartaíodh Cathair na Gaillimhe a áiriú mar Cheantar a bhfuil gá Tuilleadh Measúnachta a dhéanamh air agussocraíodh go mbeadh scéim faoisimh tuilte éifeachtach agus inmharthana don phobal.

Tá Arup coimisiúnaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, atá ag gníomhú mar Ghníomairí thar ceann OOP, chun Scéim Faoisimh Tuilte a fhorbairt do Chathair na Gaillimhe. Tugtar "Coirib go Cósta – Scéim Faoisimh Tuilte do Chathair an Gaillimhe" ar an scéim.

Is í aidhm na scéime ná measúnú agus forbairt a dhéanamh ar scéim faoisimh tuilte atá inghlactha gó teicinúil, go sóisialta, go haeistéitiúil, agus ó thaobh costais de agus ó thaobh na timpeallachta de, chun an riosca ó thuilte i gCathair na Gaillimhe a mhaolú.

Reáchtáladh an chéad Lá Rannpháirtíochta Poiblí ar líne ar 1 Meitheamh 2021; i ndiaidh an imeachta, cuireadh síneadh ama chun aighneachtaí a chur isteach go dtí 7 Iúil 2021.

## 1.1 Aidhmeanna agus Cuir Chuige an Lae Rannpháirtíochta Phoiblí

### 1.1.1 Aidhmeanna agus Cuir Chuige an Lae Rannpháirtíochta Phoiblí

Is iad aidhmeanna an chéad Lae Rannpháirtíochta Phoiblí ná:

- Teideal agus brandáil na scéime a chur i láthair
- An pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoin Staidéar Srianta agus Deiseanna, agus faoi ghnéithe tosaigh den scéim Coirib go Cósta.
- Eolas faoi thuilte a fháil mar aon le heolas ábhartha eile faoin timpeallacht a bhaineann le Ceantar na Scéime agus leis an Staidéar.
- Próisis an tionscadail agus scálaí ama a chur in iúl, lena n-áirítear deiseanna amach anseo don rannpháirtíocht phoiblí.
- Rannpháirtíocht a spreagadh ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal i gcoitinne maidir lena dtuairimí féin agus an taithí atá acu féin ar thuilte.
- Cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara agus don phobal, a dtuairimí a chur in iúl trí aighneachtaí a chur isteach, grianghraif, físeáin a chur i láthair, trí cheistneoirí agus ó bhéal.

### 1.1.2 An Sprioclucht Féachana

Tá raon mór d'eagraíochtaí agus de dhaoine aonair i gceist leis na páirtithe leasmhara agus leis na grúpaí sainleasa, a bhfuil baint acu le Coirib go Cósta. Tá riachtanais dhifriúla ag gach ceann de na páirtithe leasmhara seo agus tá dearcadh uathúil acu maidir leis an tionchar a bheidh ag an scéim orthu féin, pé acu tionchar dearfach nó diúltach.Déantar páirtithe leasmhara agus grúpaí sainleasa a charagóiriú mar seo a leanas:

- Grúpa Stiúrtha na scéime
- Lucht déanta cinntí – Ionadaithe Tofa (Comhairleoirí agus TDanna), Príomhfheidheannaigh Chontae agus Chathrach, etc.
- Lucht déanta beartas – pleanóirí, eagraíochtaí rialtais agus comhlachtaí reachtúla eile
- Páirtithe leasmhara aonair–úinéirí talún, úinéirí réadmhaoine, forbróirí etc.
- Páirtithe sainleasa eile –gnáthbhaill den phobal, eagraíochtaí deonacha/neamhrialtais, agus eagraíochtaí áitiúila
- Na meáin

### 1.1.3 Formáid an Imeachta

De bharr na srianta COVID-19 a bhaineann le cruinnithe poiblí, ullmhaíodh seomra eolais fhíorúilchun rochtain a fháil ar eolas agus ar na pleananna don scéim.

Tá an leagan amach céanna ag an seomra fíorúil agus a bheadh ag fíorsheomra agus san áireamh bhí na rudaí a leanas:

- Deasc eolais le nuachtlitir agus físeán tosaigh
- Póstaeir ar bhallaí an tseomra
- Mapálaí gréasáin idirghníomhach
- Líoníochtaí agus léarscáileanna
- Crios aiseolais le ceistneoir aighneachta agus comhairliúchán
- Comhrá beo le hionadaithe ón bhfoireann tionscadail Arup agus ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

# 2 Socruithe Rannpháirteachais Poiblí

## 2.1 Cur i láthair do Chomhaltaí Tofa

Bhí sé sceidealta go mbeadh cur i láthair foirmiúil ann mar gheall ar Coirib go Cósta do Chomhaltaí Tofa de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag cruinniú míosúil na comhairle ar 24 Bealtaine. De bharr srianta Covid-19, áfach, agus fad ama cruinnithe poiblí, cuireadh siar an mhír seo ar an gclár. Ina ionad sin, rinne Arup an cur i láthair ag cruinniú na gcomhaltaí tofa ar 28 Meitheamh.

Seo a leanas achoimre ar na saincheisteanna a d'ardaigh Comhaltaí Tofa agus na freagraí a tugadh le linn an chruinnithe. Tá achoimre mhionsonraithe ar an gcruinniu le fáil in Aguisín A.

Pointí a d'ardaigh na Comhaltaí Tofa:

Chuir an Comhairleoir Neil McNelisceist faoin achar ama a mhairfeadh an tionscadal agus an bhfeádfaí na hoibreacha i mBóthar na Trá a chríochnú roimh ré. D'iarr sé go ndeimhneofaí cé hé an cliant, conas a dhéanfar measúnú ar an athrú aeráide agus an bhfuilan cuan agus an ché inmheánach san áireamh mar chuid den scéim. Mhol an comhairleoir bileog eolais a scaipeadh do chónaitheoirí a bhfuil tionchar ag tuilte orthu.

Ina fhreagra dúirt Arup go bhfuil an clár níos mó anois ná mar a bhí sa chur i láthair tosaigh, toisc go bhfuil tuiscint níos fearr ag an bhfoireann anoisar chastacht an tionscadail. Ní féidir a rá ag an gcéim seo cad é an t-ord ina dhéanfar na hoibreacha.

Is é Comhairle Cathrach na Gaillimhe an cliant ach is é OOP an ghníomhaireacht cistiúcháin.

Mar chuid den tionscadal, ní mór measúnú a dhéanamh ar íogaireacht i leith athraithe aeráide chun caighdeán cosanta cuí a leagan síos. Ina theannta sin,is cuid riachtanach den tionscadal í (faoi Chéim 1), plean oiriúnaithe maidir leis an athrú aeráide a fhorbairt.

Aithnítear Calafort na Gaillimhe mar eochairpháirtí leasmhar, agus mar sin, tá teagmháil leanúnach ag dul ar aghaidh i gcónaí idir Calafort na Gaillimhe agus an bhfoireann tionscadail.

Pléifearconas bileoga a scaipeadh do chónaitheoirí a bhfuil tionchar ag tuilte orthu.

D'iarr an Comhairleoir Martina O'Connor an mbeifear ag díriú go príomha ar fhoirgnimh a chosaint sa scéim faoisimh tuilte.

Ina fhreagra, dúirt Arup go ndéanann an Staidéar CFRAM, mar a tharlaíonningach scéim faoisimh tuilte, cóimheas costais is tairbhe an tionscadail a thomhas, agus mar sin, inmharthanacht an tionscadaila thomhas, bunaithe ar chostas an damáiste a dhéantar d'fhoirgnimh agus d'infreastruchtúr. Mar sin féin, cé go n-úsáidtear na costais seo chun inmharthanacht na scéime a mheas, tá

gnéithe eile i gceist leis an tionscadal Coirib go Cósta, ar nósnahoidhreachta agus nahéiceolaíochta, agusé a imeascadh sa ríocht phoiblí.

Mar sin, tá sé leagtha síos ag CCG go mbeidh roinnt critéir ag baint leis an scéim seo seachas critéir theicniúla agus eacnamaíocha, ar nós critéir shóisialta, timpeallachta agus aeistéitice.

D'iarr an Comhairleoir Donal Lyons an mbeidh an scéim ag teacht le Plean Forbartha na Cathrach.

Ina fhreagra, dúirt Arup go bhfuil Plean Forbartha na Cathrach.chun tosaigh faoi láthair ar an staidéar Faoisimh Tuilte; é sin ráite, tá teagmháil rialta ag an bhfoireann le pleanóirí cathrach agus coimeádfaidh siad ar an eolas iad, mar is cuí, maidir le torthaí an staidéir agus leis na roghanna a bheidh ag teacht chun cinn.

Chuir an Méara Colette Connolly tuilleadh ceisteana faoin gcostas, faoin maoiniú agus faoin amlíne. Thug sí faoi deara nach raibh mórán daoine i láthair ag an gcomhairliúchán, agus mhol sí don fhoireann tionscadail dul i dteagmháil le coistí cónaithe.

D'fhreagair CCG gurb í OOP go príomha a chuireann maoiniú ar fáil trí Thionscadal Éireann 2040. Is féidir maoiniú URDF a fháil chun bearnaí a líonadh idir riachtanais an Staidéir Faoisimh Tuilte agus feabhsuithe eile a thagann chun cinn de bharr na scéime.

Sholáthraigh Aruplíon na ndaoine a bhí i láthair, agus i gcomparáid le laethanta oscailte do scéimeanna eile, bhí na huimhreacha measartha ard.

D'iarr an ComhairleoirDeclan Mc Donnellan bhféadfaí sé go mbeidh an carrchlós ag Rinn na Mara á chailliúint.

D'fhreagair Arup nach raibh sé luaite sa CFRAMS go mbainfí an carrchlós. Ach tá sé róluath le rá fós cad iad na bearta a chuirfear i bhfeidhm.

Chuir an Comhairleoir Eddie Hoare fáilte roimh an scéim agus dúirt sé gur mhaith leis go nglacfadh an scéim cur chuige misniúil.

## 2.2 Cur i láthair don Choiste um Bheartas Straitéiseachi gComhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le hathrú aeráide, Comhshaol, Fóillíocht agus Áiseanna

Rinneadh cur i láthair os comhair an Choiste um Bheartas Straitéiseach ar 26 Bealtaine 2021. An aidhm a bhí ann ná an tionscadal a chur i láthair don Choiste roimh an Lá Rannpháirtíochta Poiblí fíorúil. Ina dhiaidh sin, bhí an bainisteoir tionscadail ó Arup ann chun ceisteanna a fhreagairt ó ionadaithe ón Choiste um Bheartas Straitéiseach. Seo a leanas achoimre ar na saincheisteana a d'ardaigh an Coiste agus na freagraí a tugadh le linn an chruinnithe. Tá achoimre mhionsonraithe ar an gcruinniú le fáil in Aguisín A.

Pointí a d'ardaigh an Coiste um Bheartas Straitéiseach:

• Chuir an Comhairleoir Colette Connolly ceist faoi fhad an tionscadail mar tá sé sceidealta le bheith críochnaithe sa bhliain 2028. Chuir sí ceist freisin mar gheall ar chostas an tionscadail agus ar fhoinse an mhaoinithe.

Dúirt Arup gur cuireadh síneadh ama leis an gclár toisc go bhfuil tuiscint níos doimhne ag an bhfoireann anois ar cé chomh casta is atá an tionscadal. Lena chois sin, tá an clár ceangailte le spriocdhátaí timpeallachta maidir le hoibreacha suirbhéireachta.

Maidir le costais, níl meastacháin chostais mhionsonraithe le fáil faoi láthair. Ach de réir an staidéir CFRAM, measadh go gcosnódh na hoibreacha i gCathair na Gaillimhe agus i mBóthar na Trá thart ar €9.5M. Maoineofar é seo trí Thionscadal Éireann 2040.

• D’iarr an Comhairleoir John Connolly an mbeidh gá le ceadúnas úrthra.

Dúirt Arup go bhféadfadh sé go mbeidh gá leis agus más gá, go gcuirfear an t-iarratas isteach le linn céim 2 den tionscadal.Beidh sé soiléir, agus roghanna don scéim á bhforbairt, más gá ceadúnas úrthrá a fháil.

• Dúirt an Comhairleoir Niall Murphy go raibh áthas air go raibh beagán Gaeilge le cloisteáil ag an gcur i láthair agus gur cuireadh é seo san áireamh don Lá Rannpháirtíochta Poiblí agus don ábhar ar líne. Thug an Comhairleoir Murphy faoi deara go mbeidh tionchar suntasach ag an scéim ó thaobh gnéithe radhairc agus feidhmiúla de. Dúirt sé freisin go mbeidh an pobal ag súil le torthaí láithreach agus ba chóir go ndéanfaí iarracht ionchais a mhaolú. Luaigh an Comhairleoir Niall Murphy freisin go mbeidh sé níos éasca an Seomra Rannpháirtíochta Fhíorúil a nascleanúint má chuirtearClár Ábhar leis.

Ina fhreagra, dúirt Arup go bhfuil siad ar an eolas maidir leis an tábhacht a bhaineann le cúrsaí aeistéitice sa dearadh deiridh den scéim, agus go mbeidh siad ag obair le rannóg pleanála CCG maidir leis seo. Thuigeadar go maith an pointe a rinneadh maidir le hionchais a mhaolú agus cuirfidh an fhoireann é seo san áireamh agus iad ag dul ar aghaidh. Tabharfaidh Arup comhairle d’fhorbróirí an tSeomra Rannpháirtíochta Fhíorúil maidir le moltaí don roghchlár, agus d’aontaigh siad go mbeadh sé an-úsáideach dóibh siúd nach bhfuil rochtain mhaith ar an idirlíon acu.

• Luaigh an Comhairleoir Donal Lyons gur cúis imní í fad an tionscadail; an bhfuil baol ann go mbeidh an Plean Forbartha Cathrach ag teacht salach ar an tionscadal de bharr amlínte difriúla?

Dúirt Arup go bhfuil siad ag obair go dlúth le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun an riosca áirithe seo a shrianú.

• D’iarr an Comhairleoir Martina O’Connor an mbeadh tionchar ar cheantair lasmuigh den chathair, an bhfuil an t-athrú aeráide á chur san áireamh i bhforbairt na scéime, agus an mbeidh bainistíocht tuilemhá nádúrtha á déanamh ag an bhfoireann tionscadail. Dúirt an Comhairleoir O’Connor freisin go bhfuil an baol ann, leis an rannpháirtíocht ar líne, nach nglacfaidh sciar den phobal páirt ann.

Dúirt Arup nach mbeidh tionchar le brath lasmuigh de cheantar na scéime agus gur riachtanas den tionscadal é seo a léiriú. Tá an t-athrú aeráide san áireamh sa

scéim agus ní mór Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide a sheachadadh mar chuid den tionscadal i gCéim 1. Cuirfear Staidéar ar Bhearta chun Uisce a Choinneáil i gcrích mar chuid den phróiseas Roghanna a Fhorbairt, agus ar an dóigh sin, déanfar mionscrúdú arbhainistíocht tuilemhá nádúrtha agus an féidir í a chur i gcrích. D'aontaigh Arup go bhfuil baol ann nach nglacfaidh sciar den phobal páirt san imeacht ar líne, ach níl leigheas air seo de bharr na srianta Covid-19. Chun é seo a mhaolú, beidh bileoga eolais ar fáil ag na cuntair phoiblí in oifigí na gComhairlí Contae agus Cathrach.

## 2.3 Socruithe Rannpháirtíochta Poiblí

### 2.3.1 Lá Rannpháirtíochta Poiblí (LRP)

Reáchtáladh an chéad LRP ar Dé Máirt 1 Meitheamh 2021 ar líne trí Sheomra Rannpháirtíochta Fhíorúil(https://www.virtualengage.arup.com/coiribgocosta/).Bhí rochtain air trí shuíomh gréasáin na scéime le nasc díreach (www.coiribgocosta.ie). Ba í aidhm an LRP ná an scéim agus spriocanna na scéime a chur i láthair, mar aon leis an Staidéar Srianta agus Deiseanna, amchlár an tionscadail, agus deiseanna don phobal amach anseo chun páirt a ghlacadh sa phróiseas.

Reáchtáladh an LRP idir 9am agus6pmdo bhaill den phobal. Bhí an deis ann comhrá beo a dhéanamh le baill den fhoireann tionscadail ó Arup agus ó Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Bhí an Seomra Rannpháirtíochta Fhíorúil beo ar feadh tréimhse 5 seachtaine. Le linn an ama seo, bhí an t-eolas ábhartha go léir ar fáil, agus bhíothas ábhalta aighneachtaí a dhéanamh tríd an gceistneoir nó ó bhéal trí ghlaoch comhairliúcháinleis an bhfoireann tionscadail a bhí curtha in áirithe tríd an seomra fíorúil.

### 2.3.2 Fógraíocht don Lá Rannpháirtíochta Poiblí

#### 2.3.2.1 Fógraíocht don Lá Rannpháirtíochta Poiblí

Rinneadh fógraíocht don Lá Rannpháirtíochta Poiblí trí sholáthraithe nuachta éagsúla agus ar na meáin shóisialta dhá sheachtain roimh an imeacht. (féach Figiúr 1). Ina theannta sin, cuireadh fógraí sa nuachtán áitiúil agus bhí fógraí raidió le cloisteáil go rialta ar Galway Bay FM ar feadh dhá sheachtain roimh an imeacht agus le linn na tréimhse aighneachta cúig seachtaine.

Figiúr 1:Fógra sa Galway Advertiser




### 2.3.2.2 Na Meáin Shóisialta/Meáin Eile

Baineadh úsáid as ardáin mheáin shóisialta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun eolas a chur ar fáil faoi Lá Rannpháirtíochta Poiblí Coirib go Cósta (féach na samplaí a leanas

Figiúr2, Figiúr 3agus Figiúr 4).


Figiúr 2:Postáil Facebook do Coirib go Cósta




Figiúr 3:Postáil Twitter do Coirib go Cósta



Figiúr 4:Postáil LinkedIn do Coirib go Cósta




## 2.3.3 Litríocht ar fáil don Lá Rannpháirtíochta Poiblí

Bhí nuachtlitir tionscadail, póstaeir eolais agus ceistneoir ar fáil ag an LRP idir 1 Meitheamh agus 7 Iúil. Tá cóipeanna ar fáil in Aguisín B. Ba é 7 Iúil 2021 an spriocdháta chun ceistneoirí comhlánaithe a bheith curtha isteach. Chomh maith leis na ceistneoirí, glacadh le heolas trí ríomhphoist freisin.

# 2.4 Ábhair um Theagmháil leis an bPobal

## 2.4.1 Suíomh Gréasáin na Scéime

Tá suíomh Gréasáin (www.coiribgocosta.ie) ar leith ann chun lárionad faisnéise i leith na scéime a chur ar fáil.

Tá gach faisnéis a baineann leis an tionscadal le feiceáil ar an suíomh Gréasáin lena n-áirítear an nuachtlitir, póstaeir agus ceistneoir. Cuireadh nasc leis an Seomra Rannpháirtíochta Fíorúil ar fáil trí leathanach baile an láithreáin ghréasáin ar feadh tréimhse na rannpháirtíochta poiblí.

Fanfaidh an suíomh Gréasáin beo ar feadh ré na scéime agus tá súil go mbeidh sé ina cheann scríbe do bhaill an phobail rochtain a fháil ar fhaisnéis an tionscadail, cáipéisíocht an tionscadail a íoslódáil agus faisnéis a chur faoi bhráid fhoireann an tionscadail.

### 2.4.2 Seomra Rannpháirtíochta Fíorúil

Bhí Seomra Fíorúil um Rannpháirtíocht Phoiblí ar fáil trí shuíomh Gréasáin an tionscadail le linn tréimhse na rannpháirtíochta poiblí ón 1 Meitheamh go dtí an 7 Iúil.

Figiúr 2:An nasc le Seomra Rannpháirtíochta Fíorúil trí shuíomh Gréasáin an tionscadail




Mar an gcéanna le seomra cruinnithe fíor-saoil, bhí gach faisnéis ábhartha le feiceáil sa Seomra Rannpháirtíochta Fíorúil , lena n-áirítear:

• Físeán réamhrá

• Nuachtlitir

• Póstaeir Faisnéise

• Mapálaí gréasáin idirghníomhach

• Líníochtaí/léarscáileanna

• Ceistneoir

• Córas comhairliúcháin áirithinte

• Comhrá beo

Bhí an suíomh Gréasáin, agus an t-ábhar go léir san áireamh, ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

### 2.4.3 Físeán Réamhrá

Chuir bainisteoir an tionscadail físeán réamhrá 12 nóiméad maidir le Coirib go Cósta ar fáil do LTP Uimh. 1.

Bhí sé mar aidhm ag an bhfíseán réamhrá an tionscadal a chur i láthair agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoin bhfaisnéis uile atá ar fáil sa Seomra Rannpháirtíochta Fíorúil chomh maith le forbhreathnú gairid a thabhairt ar ábhar agus ar na chéad chéimeanna eile den tionscadal. Chuir sé in iúl don phobal freisin conas a n-aighneachtaí a dhéanamh agus faisnéis thábhachtach a roinnt le foireann an tionscadail.

### 2.4.4 Mapálaí gréasáin idirghníomhach

Tá nasc ann idir an mapálái Gréasáin idirghníomhach le suíomh Gréasáin an tionscadail agus bhí nasc aige leis an Seomra Rannpháirtíochta Fíorúil ar feadh tréimhse na rannpháirtíochta poiblí. Ligeann an feidhmchlár mapála seo don phobal i gcoitinne sraitheanna a mhúchadh agus a athmhúchadh chun tuiscint a fháil ar na háiteanna ina bhfuil srianta comhshaoil na scéime suite. Ligeann sé freisin do na húsáideoirí díriú ar réimsí ar leith laistigh de limistéar na scéime trí úsáid a bhaint as an bhfeidhm súmála ar an bhfeidhmchlár.

### 2.4.5 Nuachtlitir

Eisíodh an chéad nuachtlitir de chuid Coirib go Cósta i mí Bealtaine na bliana 2021 sula chuir an LTP an pobal ar an eolas faoi thosú poiblí an tionscadail. Thug an nuachtlitir mioneolas faoi chúlra na scéime, réimsí an Staidéir agus na Scéime a bhí faoi scrúdú, míniú gairid ar an bpróiseas lena bhain agus na príomh-dhátaí do gach céim an tionscadail. Chuir sé béim freisin ar  an gcéad LTP, ina measc an fhaisnéis maidir le conas a d’fhéadfadh daoine dul i dteagmháil leis an bpróiseas agus maidir le haiseolas a chur isteach.

Bhí nuachtlitir uimh. 1 an tionscadail  ar fáil go fairsing don phobal agus do na geallsealbhóirí, roimh, le linn agus tar éis an LTP trí shuíomh Gréasáin an tionscadail. Bhí cóipeanna crua den Nuachtlitir ar fáil i bhfoirgnimh phoiblí Chathair na Gaillimhe chomh maith. Tá cóip de nuachtlitir uimh na scéime ceangailte le hAguisín B le haghaidh tagartha.

Tá leagan Gaeilge den nuachtlitir ar fáil freisin.

### 2.4.1 Ceistneoir

Bhí ceistneoir ar fáil i seomra fíorúil an LTP agus ar shuíomh Gréasáin an tionscadail le cur isteach díreach ar líne nó le híoslódáil agus le cur isteach trí ríomhphost/phost. Thug sé seo an deis don phobal a gcuid tuairimí faoin Scéim a chur in iúl agus chun faisnéis thábhachtach a chur ar fáil maidir le tuilte ina gceantar féin i dteannta le haon tráchtanna eile a d’fhéadfadh a bheith acu maidir le haon srian comhshaoil a chur isteach. Tá cóip bán den cheistneoir ceangailte le hAguisín B le haghaidh tagartha.

Tá leagan Gaeilge den cheistneoir ar fáil freisin.

### 2.4.2 Póstaeir Faisnéise

I measc na bpóstaeir a taispeánadh le linn an DTP bhí an fhaisnéis seo ar fáil:

- Fáilte agus Réamhrá
- Léargas ar an scéim agus réimse an tionscadail
- Deiseanna agus Srianta
- Conas a bheith páirteach
- Cad tá le teacht?

Tá cóipeanna de na póstaeir le fáil in Aguisín B.

Bhí leaganacha Gaeilge de na póstaeir ar fáil freisin.


## 2.5 Anailís i ndiaidh an Lá Teagmhala Poiblí

### 2.5.1 Anailísíochtaí an Lá Teagmhála Poiblí

Bailíodh sonraí anailíseacha ón seomra rannpháirtíochta fíorúil le linn tréimhse 5 seachtain na haighneachta. Thug a leithéid an deis d'fhoireann an tionscadail tuiscint a fháil ar an gcaoi ar bhain an phobal leis an seomra rannpháirtíochta fíorúil. Rinneadh an próiseas seo i gcomhréir le reachtaíocht an RGCS.

Faoi dheireadh lae an 1 Meitheamh, Lá Rannpháirtíochta Poiblí, taifeadadh 114 chuairt ar an suíomh Gréasáin, a bhformhór idir 9rn agus 6in.


Figiúr 6: Painéal an tSeomra Rannpháirtíochta Fíorúil - 1 Meitheamh 2021




Faoi dheireadh tréimhse 5 sheachtain na teagmhala, thug 287 úsáideoir cuairt ar an Seomra Rannpháirtíochta Fíorúil. Ba as Éirinn formhór na gcuairteoirí ach bhí scaipeadh maith áfach idir an Eoraip, Meiriceá Thuaidh agus an Astráil, go mór mór mar thoradhar an bhfógraíocht trí na meáin shóisialta. Tugadh líon socair

cuairteanna ar an seomra fíorúil freisin ó Luan go hAoine thar an tréimhse 5 sheachtain.

Figiúr 7: Painéal an tSeomra Rannpháirtíochta Fíorúil – i ndiaidh tréimhse 5 sheachtain na teagmhála




## 2.6 Freagairt ar an Teagmháil Poiblí

### 2.6.1 Comhrá Beo

Bhí rogha comhrá beo ar fáil ar an 1 Meitheamh idir 9rn agus 6in áit a raibh baill d'fhoireann an tionscadail ó Arup agus ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i láthair chun freagra a thabhairt ar cheisteanna beo. Bhí ball Gaeilgeora d'fhoireann an tionscadail ar fáil i rith an lae chomh maith.

Ní raibh mórán rannpháirtíochta ann tríd an modh seo, ach ba thábhachtach é mar sin féin go raibh ardán idirghníomhach beo ag an bpobal ar an lá chun próiseas cosúil le himeacht láithreachta pearsanta a chur ar fáil.

### 2.6.2 Córas Áirithinte Comhairliúcháin

Bhí córas áirithinte comhairliúcháin ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. D'fhéadfadh an pobal glaoch ar ais a iarraidh ar bhall d'fhoireann an tionscadail ag am agus ag dáta ar thaitin leo.

### 2.6.3 Ceistneoirí a bhFuarthas ar Ais

#### 2.6.3.1 Ar rPhost

Faoin 7ú Iúil 2021, an dáta deiridh chun aighneachtaí a fháil, tháinig 11 cheistneoir iomlánar ais.

Fuarthas trí r-phost freisin le ceisteanna maidir le Coirib go Cósta.

#### 2.6.3.2 Ó Shuíomh Gréasán an Tionscadail

Faoin 7ú Iúil 2021, cuireadh sé cheistneoir san iomlán isteach ón leathanach ceistneoir an tseomra fíorúla.

### 2.6.4 Aighneachtaí eile

#### 2.6.4.1 Príomh-gheallshealbhóirí

Eisíodh litreacha comhairliúcháin chuig na príomh-gheallshelbhóirí, a n-aithníodh roimhe sin i Straitéis Cumarsáide na Scéime go príomha mar “Ardshuim, Ardtionchar”, ach rinneadh teagmháil freisin le roinnt geallshelbhóirí a n-aithníodh mar “Ardshuim, Íositonchar” mar pháirtithe leis an bhfaisnéis acu a bhain leis an forbairt na scéime ón tús. Áiríodh sna litreacha seo an nasc chuig an Seomra Rannpháirtíochta Fíorúil, an nuachtlitir agus ceistneoir an aiseolais.

Siad seo a leanas na geallshelbhóirí a ndearnadh teagmháil leo:

- An Taisce
- Caomhnú Ialtóg Éireann
- Cairde Éanlaith Éireann
- Ionad Acmhainní Cósta na Mara (CMRC)
- An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- Cigireacht Réigiúnach na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil
- Fáilte Ireland
- Cumann Seandálaíochta agus Staire na Gaillimhe
- Cumann Tráchtála na Gaillimhe
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- Músaem Cathrach na Gaillimhe
- Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe (GSCP)
- Líonra Comhshaoil na Gaillimhe
- Gaillimh Éireann (Turasóireacht sa Ghaillimh)
- An Chomhairle Oidhreachta
- Iascach Intíre Éireann
- Uisce Éireann
- Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann
- Clár Uisce na n-Údarás Áitiúil (LAWaters)
- Líonra Áitiúil an Chomhshaoil (IEN)

- Iontaobhaithe Loingseoireachta Loch Coirib
- Institiúid na Mara
- Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
- Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH)
- Bonneagar Iompair Éireann
- Coimisiún Forbartha an Iarthair
- Uiscebhealaí Éireann

Tá sampla den litir le feiceáil in**Error! Reference source not found.**.

#### 2.6.4.2 Trí rPhost

Chomh maith leis na ceistneoirí a tháinig ar ais, fuarthas aighneachtaí eile trí ríomhphost ó gheallsealbhóirí ábhartha. Ina measc bhí:

- rPhost ó Choiste Réigiún an Iarthair de chuid Cumann na nInnealtóirí (CI/IEI)

Thug an ríomhphost ó CI roinnt aiseolais ar Coirib go Cósta agus chuir sé roinnt miontuairimí ar fáil le breathnú ag an bhfoireann deartha. Luaigh CI an deis scéim faoisimh na tuile a dhíriú ar an inbhuanaitheacht agus ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus gur cheart á nascadh leis an moladh chuig Straitéis Oiriúnú na hAeráide de chuid Comhairle Cathrach na Gaillimhe, chun a chinntiú go bhfuil an scéim atá beartaithe dírithe ar an aeráid. Tugadh faoi deara gur cheart réitigh atá bunaithe ar an dúlra a mheas, gur ar éigean a luadh miondealú na haeráide agus ba cheart aghaidh a thabhairt ar athrú na haeráide a spreagann an cine daonna agus a thionchar ar an gcomhshaol agus ar saol an phobai.

- Calafort na Gaillimhe

Feidhmíonn Innealtóirí Comhairleacha Tobin mar Innealtóirí Comhairleacha do Chalafort na Gaillimhe agus, mar gheallshealbhóir, ba mhaith leo CG a ailíniú le seachadadh Coirib go Cósta.

Le moladh nua chun Calafort Cuan na Gaillimhe agus Forbairt Chuan Inmheánach na Gaillimhe a leathnú, ba mhaith le Calafort na Gaillimhe comhoibriú le Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le réitigh na tuile a chosnóidh tailte Chathair agus Chuan na Gaillimhe, agus leanúint lena gcaidreamh den scoth le CCG.

- UisceÉireann

D'iarr Uisce Éireann, mar gheallsealbhóir, teagmháil leanúnach trí céimeanna na féidearthachta, an dearaidh agus na tógála lena chinntiú go gcosnófar seirbhísí agus foinsí an uisce poiblí agus go gcoinneofar an rochtain orthu. Rinneadh roinnt pointí ginearálta - an caoi le faisnéis a fháil ar sheilbh UÉ; aon tionchar fisiceach ar shócmhainní UÉ ag céimeanna éagsúla an tionscadail; na tionchair ar


shruthanna an uisce glactha; agus aon tionchar féideartha ar dobharcheantar foinsí an uisce a chuireann leis i dtéarmaí astarraingt an uisce don fhorbairt nó d'acmhainn na forbartha tionchar a imirt nó riosca a chur ar cháilíocht an uisce a tharraingíonn UÉ mar sholáthar poiblí. Moladh soláthar na mbonneagair Gorm agus Glas agus liostáladh na tionscadail éagsúla de chuid UÉ sa limistéar a d'fhéadfadh baint a bheith le scéim Coirib go Cósta.

## 2.7 Anailís na Freagartha ar an Teagmháil Poiblí

### 2.7.1 Faisnéis ó Chónaitheoirí

Fuair an fhoireann 18 gceistneoir críochnaithe, agus tháinig a bhformhór ó dhaoine ina gcónaí laistigh de limistéar an staidéir. Tugann na freagraí le fios go raibh réadmhaoin laistigh de limistéar an staidéir ag 78% (14) acu nó ar cíos nó ina áitiú acu agus dá bhrí sin go raibh leas díreach acu i dtuilte i gCathair na Gaillimhe nó gur chuaigh tuile stairiúla i bhfeidhm orthu.


Figiúr 3: Torthaí Cheist 2




### 2.7.2 Faisnéis Tuile


Bhí taithí phearsanta ag go leor freagróirí ar thuile, 61% (11) acu mar a léirítear i bhFigiúr 9.

Figiúr 9: Torthaí Cheist 4



Léiríonn Figiúr 10 gurbh é an príomhchineál maoine a bhí faoi uisce roimhe seo ná "Áitribh" le níos mó ná 50% (9) acu. Luadh i leith carrchlós agus sráid go raibh siad faoi uisce roimhe sin chomh maith.

Figiúr 10: Torthaí Cheist 5




D'iarr Ceist 6 faisnéis ar leith ó fhreagróirí ar thuilte; "An bhféadfá cur síos a dhéanamh ar na tionchair a bhí ag an tuile seo ort féin agus/nó ar do mhaoin?". Tá achoimre ar na tráchtanna a fuarthas le feiceáil i dTábla 1 mar fhreagra ar an gceist seo.

Tábla 1: Achoimre ar na tráchtanna maidir le tionchar na dtuilte ar na freagróirí

| **Tionchar na dtuilte ar na freagróirí agus/nó ar a gcuid maoine** |
|---|
| Dochar do bhallaí agus do mhaoin, a éilíonn mór-/mion-obair. |
| Cur isteach ar bhóithre agus plódú (Bóthar na Trá, An Spidéal). |
| Árachas tuile caillte tar éis éileamh a dhéanamh ar dhochar i ndiaidh an chéad tuile. |
| Imní agus strus i ndiaidh rabhaidh tuilte a eisiúint. |
| *'D'athraigh mo shaol go hiomlán'.* |

D'fhiafraigh an ceistneoir freisin an raibh aon bhearta curtha i bhfeidhm ag na freagróirí chun tionchar na dtuilte ar a gcuid áitribh a chosc nó a laghdú. D'fhreagair tromlach na bhfreagróirí go raibh (67% - 12) agus d'fhreagair 33% (6) nach raibh. Bhí taithí roimhe seo ar thuilte ag gach freagróir a chuir bearta i bhfeidhm.


I measc na bpríomhbhearta a cuireadh i bhfeidhm bhí:

- Málaí gainimh
- Ardú leibhéal an urláir
- Bacainní/geata tuile

- Bualchomhla
- Bearta athléimneacht na dtuilte ar an mbunurlár (na cairpéid bainte as agus rugaí inbhainte nó tíleanna curtha ina n-áit)

Bearta eile a luadh ná crainn a chur (fearnóg ó dhúchas) chun an uisce a ionsú agus chun tuilte ón turlach a chosc; agusúsáid a bhaint as caidéal uisce.

Figiúr 11: Torthaí Cheist 7




### 2.7.3 Srianta Comhshaoil

I gCeist 9 den cheistneoir, tugadh sé ábhar comhshaoil do na freagróirí agus iarradh orthu a gcuid tuairim ar thábhacht gach srian a rangú, ó rud an-tábhachtach go neamhthábhachtach. Tugtar achoimre ar na freagraí i dTábla 2.

Mheas tromlach na bhfreagróirí gurb é “Cáilíochtan Uisce” an rud is tábhachtaí agus léirigh 56% (9) acu “Cáilíochtan an Uisce” agus “An Bhithéagsúlacht, An Flóra agus An Fána” mar “an-tábhachtach”. Measadh gurb é “An Bithéagsúlacht, An Flóra agus An Fána” an dara srian is tábhachtaí le 44% (7) acu a thug le fios go raibh sé “an-tábhachtach”.

Tháinig “An tSlatiascaireacht, An Turasóireacht agus Caitheamh na hAimsire” sa tríú háit agus dúirt 31% (5) de na freagróirí go bhfuil an srian seo “an-tábhachtach”.

Tháinig “An Tírdhreach agus Taitneamhacht na Radhairce” agus “Oidhreacht na hAiltireachta agus an Chultúir” le chéile sa cheathrú áit le 25% (4) de na freagróirí ag tabhairt le fios go raibh siad “an-tábhachtach” agus tugadh le fios go raibh “Úsáid na Talún agus an Talmhaíocht” ar an tábhacht is lú agus gan ach 13% ( 2) de na freagróirí a thug le fios go raibh sé “an-tábhachtach”.

Tábla1:Freagraí ar Cheist9

| Téama an Chomhshaoil | An-tábhachtach | Tábhachtach | Ar Mheán-tábhacht | Ar Bheag-thábhacht | Neamh-thábhachtach | Folamh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Bhithéagsúlacht, An Flóra agus An Fána” | 44% | 19% | 31% | 0% | 6% | 0% |
| Úsáid na Talún agus an Talmhaíocht | 13% | 44% | 19% | 6% | 13% | 7% |
| Cáilíochtan Uisce | 56% | 38% | 0% | 6% | 0% | 0% |
| Oidhreacht na hAiltireachta agus an Chultúir | 25% | 50% | 13% | 6% | 0% | 0% |
| An Tírdhreach agus Taitneamhacht na Radhairce | 25% | 63% | 13% | 0% | 0% | 0% |
| An tSlatiascaireacht, An Turasóireacht agus Caitheamh na hAimsire | 31% | 13% | 44% | 6% | 6% | 0% |

### 2.7.4 Tuilleadh Tráchta

Bhí na freagróirí in ann trácht breise a chur le srianta an chomhshaoil nó leis na bealaí inar cheap siad gur féidir aghaidh a thabhairt ar cheisteanna tuilte i mbosca téacs. Tugtar achoimre thíos ar na tráchtanna a fuarthas:

- **Ba chóir limistéar na scéime a leathnú suas an abhainn.** Chuir beirt fhreagróir béim ar an ngá le bearta a áireamh i gceantair thuas an abhainn chun an rith chun srutha i gcainéil na habhann a laghdú, agus breithniú ar Loch Coirib agus ar na sruthchúrsaí ag cur leis mar bhun-fhoinse an uisce don Choirib. Cuimsíonn a leithéid oibriú leis na contaetha thuas an abhainn (Maigh Eo agus Gaillimh) agus leo siúd a bhfuil baint acu leis an talmhaíocht.
